# Beartas maidir le Táillí a Admháil i Scoileanna, Coláistí agus Ionaid

**Leagan:** 3 / 10.2023

**An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é:** **9ú Deireadh Fómhair 2023**

**An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é:** **16ú Deireadh Fómhair 2023**

**Síniú:** ______________ **(CEO)**

**Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁCDL** **TÁ / NÍL**

**Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL: TÁ / NÍL**

**Dáta athbhreithnithe:** **9ú Deireadh Fómhair 2025**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Uimh. an Bheartais: | PL/021 | Uimhir an Leagain | 3 / 10.2023 |
| Leaganacha roimhe seo: | v2/2022 | Le hÉifeacht ón: | 9ú Deireadh Fómhair 2023 |
| Ceadú/Nótáilte ag an mBord: | 16ú Deireadh Fómhair 2023 | Dáta an Athbhreithnithe: | 9ú Deireadh Fómhair 2025 |

# Beartas maidir le Táillí a Admháil i Scoileanna, Coláistí agus Ionaid

Tá an Córas Admhála MIT i bhfeidhm sna scoileanna, coláistí agus ionaid go léir. Tríd an gcóras sin, is féidir táillí a chur ar bun in aghaidh scoláire ar leith agus ligtear do thuismitheoirí/scoláirí táillí a íoc sa bhaile le cárta dochair/creidmheasa. Soláthraítear rian iniúchta iomlán agus tuairisc ar an airgead go léir a íocadh nó atá fós le híoc freisin leis an gcóras seo.

**Mura bhfuil an córas MIT in úsáid ag ionaid ní mór dóibh admháil a choimeád de láimh ar an airgead/na seiceanna go léir a fhaightear, i leabhar admhála BOOÁCDL le huimhriú seicheamhach, agus iad a chur i gcomhad chun críocha iniúchta.**

## Cén t-airgead is ceart admháil a chruthú ina leith?

Ní mór admháil a chruthú le haghaidh an airgid go léir a fhaigheann an scoil/an t-ionad, beag beann ar fhoinse ná ar chuspóir an airgid sin. Is e an t-aon eisceacht ar sin ná suimeanna a fhaightear ar bhonn óinchiste (cuntas 'mionairgid') ón gCeannoifig. Tá sé riachtanach a leithéid a dhéanamh lena chinntiú go gcoinnítear taifead ar mhéid iomlán na nadmhálacha a fhaightear sa scoil/san ionad agus go bhféadfaí bunús a thabhairt leo.

## Táillí

Ba cheart admháil a chruthú le haghaidh táillí maidir le haon bhilleáil shuntasach a ghearrtar ar scoláire. Sampla:

- Ranníocaíochtaí saorálacha;

- Turais Scoile Intíre;
- An Idirbhliain;
- Club Obair Bhaile;
- Páipéir scrúduithe;
- Táillí cúrsa/ranga

**Fáltais Bheaga Éagsúla**

I gcásanna an-eisceachtúil, féadfar iarraidh ar scoláire ranníocaíocht a dhéanamh i leith laethanta gan éide scoile/an chostais a bhaineann le bus a fháil chun dul go dtí cluiche, srl. Ní mór na suimeanna sin, aon rud suas le €5.00, a iontráil sa chóras admhála leictreonach (MIT) mar shuim iomlán faoi 'Ilchostais' scoláire agus isteach sa chlár ar mian leat na cistí a chur isteach ann. Sampla: Ranníocaíochtaí saorálacha, Turais scoile intíre, Taisceadáin, srl.
**Ní mór d'ionaid nach n-úsáideann an córas MIT suim iomlán an airgid a fhaightear a admháil de láimh, é a thaisceadh leis an gCeannoifig agus ríomhphost a sheoladh chuig an gCisteán leis an gcódú.**

**Airgead a admháil ar MIT**

Féadfar glacadh le hairgead sna foirmeacha seo a leanas;

- Airgead Tirim;
- Seic;
- Ordú Poist/Dréacht Bainc
- Cárta Creidmheasa/Cárta Dochair

Ní mór an t-airgead uile a fhaightear i rith an lae a iontráil isteach sa chóras admhála leictreonach (MIT). Ba cheart é sin a dhéanamh tráth a fhaightear an íocaíocht. I gcás nach féidir an íocaíocht a admháil láithreach ar an gcóras, ba cheart sceideal de láimh a shocrú agus an íocaíocht a chur isteach sa chóras faoi am scoir gnó ar an lá céanna. Ba cheart na hadmhálacha féin a shannadh do

- na scoláirí/teaghlaigh ábhartha
- An tionscadal ábhartha.

Eiseoidh an córas go huathoibríoch admhálacha le huimhreacha seicheamhacha orthu faoi ainm an scoláire.

**Airgead a admháil de láimh**

I gcás na n-ionad nach bhfuil an córas MIT in úsáid iontú, ní mór an t-airgead go léir a admháil de láimh le haghaidh gach idirbhirt do gach scoláire/ball.

**Am scoir gnó gach lá**

Ag deireadh gach lae, ní mór do gach ball foirne iarmhéid airgid thirim a chur isteach in éineacht le ráiteas ón gcóras admhála leictreonach ('íocaíochtaí iarmhéid') nó leabhar admhála i gcás nach bhfuil an córas MIT i bhfeidhm. Ní mór na difríochtaí uile arna n-aithint le linn an phróisis réitithe a réiteach ar an lá sin. Nuair a bheidh an réiteach cuntas curtha i gcrích, caithfear an réiteach, an ráiteas agus na fáltais go léir a chur i gclúdach litreach aonair agus iad a chur isteach sa taisceadán mar lóisteáil sheachtainiúil. Ní mór a chur san áireamh an tsuim uasta airgid thirim is féidir a choinneáil de réir an pholasaí árachais.

**Airgead a aistriú go dtí an Cheannoifig i gcás in a bhfuil an córas admhála leictreonach in úsáid**

D'fhonn aistriú airgid go dtí an Cheannoifig a éascú, ní mór an t-airgead uile a fhaightear a chur trí chuntas bainc na scoile (cuntas 'mionairgid') amhail is;

- Caithfear na suimeanna airgid go léir a thaisceadh i gcuntas na scoile/an ionaid;
- Caithfear na seiceanna go léir a thaisceadh i gcuntas na scoile/an ionaid;
- Caithfear na horduithe poist/dréachtaí bainc go léir a thaisceadh i gcuntas na scoile/an ionaid, agus;
- Déanfar na híocaíochtaí cárta creidmheasa/cárta dochair go léir a ródú chuig cuntas na scoile/an ionaid go
  huathoibríoch.

Nuair a dhéanfar airgead a lóisteáil isteach i gcuntas bainc do scoile/ionaid, caithfidh an tsuim iomlán arna taisceadh, mar aon leis na híocaíochtaí cárta creidmheasa ar líne a bheith comhionann leis an lóisteáil deiridh sa chóras MIT. Ba cheart an t-iomlán a aistriú trí do bhaincéireacht idirlín go díreach chuig cuntas bainc na Ceannoifige, agus tagairt á déanamh do chód suímh na scoile agus don uimhir lóisteála MIT ón gcóras admhála leictreonach, mar shampla 'SACMIT-16'.

Ní mór iomlán na suimeanna a bhailítear ar MIT agus a aistrítear chuig cuntas bainc na Ceannoifige a áireamh san imréiteach bainc don tréimhse ábhartha.

**Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara go gcaithfidh an tsuim iomlán a aistrítear a bheith díreach mar an gcéanna le suim an taisce, mura mbeidh ní fhéadfaí cuntas bainc na scoile féin a réiteach agus ní bheidh an lóisteáil i gcomhréir leis an gcóras admhála leictreonach.**

Cruthófar comhad comhéadain leis an gcóras admhála leictreonach lena uaslódáil isteach i SUN, ina mbeidh achoimre ar na hadmhálacha go léir, agus iad códaithe go hiomchuí. Ar an mbonn sin, ní bheidh aon chumarsáid eile ag teastáil ón gCeannoifig faoi chomhdhéanamh taiscí áirithe. Déanfaidh rannóg an Chisteáin sa Cheannoifig an fhaisnéis sin a chomhlánú.

***I gcás ionaid nach bhfuil an córas MIT i bhfeidhm iontu, ní mór dóibh cistí a lóisteáil go díreach i gcuntas bainc BOOÁCDL agus ríomhphost a sheoladh chuig an gCisteán leis an gcódú ábhartha ar lá na lóisteála.**

Ba cheart taiscí a dhéanamh chomh minic agus is gá. Ní ceart ach suim airgid atá cumhdaithe faoi rátáil slándála an taisceadáin a choimeád ag am ar bith. Ní chumhdófar ach airgead lena mbaineann admháil faoin árachas fad is atá sé sa taisceadán.

**Airgead a fhaightear sa phost**

Déanfaidh beirt Oifigeach an post go léir a thiocfaidh isteach a oscailt le chéile. Déanfar sonraí an airgid uile a gheofar a iontráil ar an gcóras admhála leictreonach (MIT) ar an lá a fhaightear é nó a thaifeadadh de láimh i gcás nach bhfuil an córas MIT ar bun.

**Slándáil an airgid faoi bhealach**

I gcás ina bhfuil sé ar eolas roimh ré go bhfaighfear méid suntasach airgid sa scoil/ionad, d'fhéadfadh gá a bheith ann a chinntiú go mbeidh gardaí slándála ar fáil chun an t-airgead a iompar chuig an mbanc. Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an gCeannoifig má mheastar gur gá sin.

**Taisceadáin**

Tabhair faoi deara le do thoil, go gcaithfidh an taisceadán a bheith iomchuí do na suimeanna a bheidh á gcur isteach ann. Ní ceart suim níos mó airgid ná an rátáil sábháilteachta ar an taisceadán a chur isteach ann i gcás ar bith. Ba cheart do phearsanra údaraithe eochracha an taisceadáin a choimeád i gcónaí. Ba ceart sonraí na dtaisceadán a sheoladh ar aghaidh chuig Seirbhísí Corparáideacha lena gcuimsiú ar Chlár na dTaisceadán. Ní mór loga den mhéid atá sa taisceadán a choimeád i gcónaí.

Ní mór a thabhairt faoi deara nach gcumhdófar na suimeanna chun críocha árachais ach sa chás go bhfuil taisceadán iomchuí ann.

**Is féidir aon cheisteanna maidir le hairgead a admháil a chur chuig Rannóg an Chisteáin ag 01-4529600 nó [Treasury@ddletb.ie](mailto:Treasury@ddletb.ie)**